Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5069/26**

**UEM 2**
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Banka Slovenije |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE**
**a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta**
**a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Banka Slovenije**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2025 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Banka Slovenije (BCE/2025/42)[1],

---

[1] IO C, C/2026/215, 7.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/215/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha Banka Slovenije, Mazars, družba za revizijo, d. o. o., tar éis iniúchadh na bliana airgeadais 2026. Ní mór, dá bhrí sin, iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2027 ar aghaidh.

(3) Is iad ERNST & YOUNG Revizija, poslovno svetovanje, d. o. O., atá roghnaithe ag Banka Slovenije mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2027– 2029.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí ERNST & YOUNG Revizija, poslovno svetovanje, d. o. o. mar iniúchóirí seachtracha Banka Slovenije do na blianta airgeadais 2027– 2029.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE[2] ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/70(1)/oj).

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

‘13. Leis seo, formheastar ERNST & YOUNG Revizija, poslovno svetovanje, d. o. o. mar iniúchóirí seachtracha Banka Slovenije do na blianta airgeadais 2027– 2029.’.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*